



PREASEISIÚINT Uimh. 106/26

Lucsamburg, 16 Iúil 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-196/24 | [Aucrinde] ¹

Ní fhéadfaidh cúirt Bhallstáit diúltú d'iarraidh ar bheart fiosrúcháin arna tharchur ag cúirt Bhallstáit eile a fhorghníomhú agus lena n-iarrtar dí-adhlacadh chorp tuismitheora toimhdean chun tuismíocht a bhunú, ar an fhoras amháin go bhfuil toirmeasc air sin faoina dlí substainteach náisiúnta

I gcomhthéacs díospóid a tionscnaíodh san Iodáil maidir le tuismíocht a bhunú, d'iarr cúirt de chuid na hIodáile ar chúirt de chuid na Fraince dí-adhlacadh chorp an athar toimhdean, chun measúnú géiniteach iarbháis a dhéanamh. Chinn an Chúirt nach gceadaítear le rialachán an Aontais maidir le glacadh trasteorann fianaise ² do chúirt na Fraince diúltú don iarraidh sin a fhorghníomhú ar an bhforas go dtoirmiscear lena dlí substainteach náisiúnta, seachas má tugadh toiliú sainráite le linn shaol an duine lena mbaineann, sainaitheantú géiniteach iarbháis i ndíospóid shibhialta. Tá na forais chun fhorghníomhú a dhiúltú dá bhforáiltear sa Rialachán sin uileghabhálach. Ós rud é nach n-áirítear leo riail shubstainteach náisiúnta den sórt sin a bheith ann, ní féidir brath ar an toirmeasc a leagtar síos le dlí na Fraince sa chás seo chun cur i gcoinne ghlacadh na fianaise a iarradh.

Thionscain duine imeachtaí os comhair chúirteanna na hIodáile chun aitheantas a fháil dá thuismíocht i leith a athar toimhdean, arna chur sa Fhrainc. Chun measúnú géiniteach iarbháis a dhéanamh, d'iarr cúirt na hIodáile ar chúirt inniúil na Fraince, de bhun an Rialacháin maidir le fianaise a ghlacadh ar bhonn trasteorann, corp an athar toimhdean a dhí-adhlacadh agus DNA a bhailiú.

Toirmiscear le dlí na Fraince, áfach, seachas toiliú sainráite arna tabhairt ag an duine lena mbaineann le linn a shaoil, aitheantas géiniteach iarbháis den sórt sin le haghaidh nós imeachta chun tuismíocht a bhunú. Fiafraíonn cúirt na Fraince ar an gCúirt Bhreithiúnaí an féidir leis an riail shubstainteach náisiúnta sin údar a thabhairt le diúltú don bheart fiosrúcháin a iarradh a fhorghníomhú.

Freagraíonn an Chúirt nach gceadaítear leis an Rialachán maidir le glacadh trasteorann fianaise do chúirt iarrtha diúltú d'iarraidh ar bheart fiosrúcháin a fhorghníomhú lena bhféachtar le fianaise a ghlacadh arb é atá inti sampla géiniteach a tógadh tar éis dhí-adhlacadh chorp an tuismitheora toimhdean ar an bhforas go dtoirmiscear le riail de dhlí substainteach náisiúnta fianaise den sórt sin a ghlacadh.

Tá an Rialachán seo teoranta go docht do na gnéithe nós imeachta a bhaineann le fianaise a ghlacadh in imeachtaí breithiúnacha a bhfuil éifeachtaí trasteorann acu. Is faoin gcúirt a dtugtar díospóid os a comhair in ábhair shibhialta nó thráchtála atá an cinneadh beart fiosrúcháin a ordú, ach is í an chúirt iarrtha atá freagrach as é a fhorfheidhmiú i gcomhréir le rialacha nós imeachta Bhallstát na cúirte sin.

Ina theannta sin, liostaítear go huileghabhálach sa rialachán na forais maidir le diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh agus ní mór iad a léiriú go docht. **Dá bhrí sin, ní féidir le cúirt iarrtha brath ar riail dá dlí substainteach náisiúnta**, lena n-áirítear riail atá bunaithe ar bhunphrionsabail a dlíchorais, chun diúltú d'iarraidh ar bheart fiosrúcháin a fhorghníomhú.

Ar deireadh, is faoin gcúirt iarrthach amháin atá sé a fhíorú go gcomhlíonann an beart fiosrúcháin a d'ordaigh sí in

imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh os a comhair na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

Sa chás seo, maidir leis na ceisteanna a d'ardaigh cúirt na Fraince maidir le hurraim don cheart chun dínit an duine a chumhdaítear in Airteagal 1 den Chairt, níl aon rud sa chomhad a thugann le fios, agus na leasanna iomaíocha sa chás seo á gcothromú, nár thug cúirt na hIodáile aird chuí ar an gceart sin. Thairis sin, ní féidir aon riosca sistéamach go sárófar cearta bunúsacha os comhair chúirteanna na hIodáile a shainaithint anseo. Dá bhrí sin, níl údar maith ag cúirt na Fraince lena fhíorú ar chomhlíon cúirt na hIodáile na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt d'fhonn maolú ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí agus diúltú ar an mbonn sin an beart fiosrúcháin a iarradh a fhorghníomhú.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Is ainm dlítheanach é ainm an cháis seo. Ní ag tagairt d'fhíorainm páirtí ar bith sna himeachtaí atá sé.

² [Rialachán \(AE\) 2020/1783](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh).